Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12216/25

LIMITE

MAMA 200
MA 3
UD 186
MED 54

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht Mharacó le haghaidh comhaontú i bhfoirm malartú litreacha maidir le leasú ar an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasuithe ar Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile |

**CINNEADH (EU) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht Mharacó le haghaidh comhaontú i bhfoirm malartú litreacha maidir le leasú ar an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasuithe ar Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Eora–Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú Comhlachais') i bhfeidhm an 1 Márta 2000.

(2) Ina breithiúnas i gCás C-104/16 P an 21 Nollaig 2016[2], shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Bhreithiúnais') go gcumhdaítear leis an gComhaontú Comhlachais críoch Ríocht Mharacó amháin, agus ní críoch an tSahára Thiar, ar críoch neamh-fhéinrialaitheach é atá éagsúil le Ríocht Mharacó.

(3) Chun bunús dlí a bhunú chun na fabhair tharaife a leagtar síos sa Chomhaontú Comhlachais a dheonú d'earraí de thionscnamh an tSahára Thiar, thug an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha maidir le leasuithe ar Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais[3] ('an Comhaontú i bhfoirm malartú litreacha') i gcrích, a síníodh an 25 Deireadh Fómhair 2018.

---

1 IO L 70, 18.3.2000, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2000/204/oj.

2 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Nollaig 2016, *Comhairle an Aontais Eorpaigh* v *Fronta Polisario,* C-104/16 P, ECLI:EU:C:2016:973.

3 Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú a dhéanamh ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora–Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, (IO L 34, 6.2.2019, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/217/oj).



PUBLIC

(4) Ina breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024 i gCásanna Uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P[4], rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais nach mór toiliú phobal an tSahára Thiar le haon chomhaontú le Maracó maidir leis an Sahára Thiar a bheith faighte. Thairis sin, chinn an Chúirt gur féidir glacadh leis go bhfuil an toiliú sin ann ar choinníoll nach n-eascraíonn aon oibleagáid ar phobal an tSahára Thiar as an gcomhaontú atá i gceist agus go bhfaigheann an pobal sin tairbhe shonrach, inláimhsithe, shubstaintiúil agus infhíoraithe ó shaothrú acmhainní nádúrtha chríoch an tSahára Thiar, tairbhe a bheidh comhréireach le méid an tsaothraithe sin. Ní mór ráthaíochtaí a bheith ag gabháil leis an tairbhe go ndéanfar an saothrú sin faoi choinníollacha atá comhsheasmhach le prionsabal na forbartha inbhuanaithe.

(5) Mar thoradh ar an mbreithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais i gCás C-779/21 P, tiocfaidh deireadh an 4 Deireadh Fómhair 2025 le Cinneadh (AE) 2019/217 ón gComhairle an 28 Eanáir 2019[5].

(6) Tá sé tábhachtach a áirithiú nach gcuirfear isteach ar na sreafaí trádála atá tagtha chun cinn thar na blianta, agus go mbeidh feidhm ag na fabhair tharaife faoin gComhaontú Comhlachais maidir le hearraí de thionscnamh an tSahára Thiar, agus lánurraim á tabhairt san am céanna do na coinníollacha a leagtar amach sa bhreithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais i gCásanna Uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P.

---

[4] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Comhairle an Aontais Eorpaigh* v *Fronta Polisario,* Cásanna Uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P, ECLI:EU:C:2024:835.

[5] Cinneadh (AE) 2019/217 ón gComhairle an 28 Eanáir 2019 maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir leis na leasuithe ar Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO L 34, 6.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/217/oj).



PUBLIC

(7) Tacaíonn an tAontas le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe teacht ar réiteach polaitiúil a bheadh inghlactha go frithpháirteach lena ndéanfaí foráil maidir le féinchinntiúchán mhuintir an tSahára Thiar i gcomhréir le prionsabail agus cuspóirí Chairt na Náisiún Aontaithe.

(8) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn Comhaontú i bhfoirm malartú litreacha maidir le leasú ar an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a thabhairt i gcrích de réir na gcoinníollacha arna mbunú ag an gCúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas i gCásanna Uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, maidir le comhaontú i bhfoirm malartú litreacha maidir le leasú ar an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasuithe ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora–Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gCoiste Speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC